Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0368 (COD)**

8025/1/17
REV 1

TRANS 139
MAR 70
CODEC 561

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15197/16 TRANS 484 MAR 300 CODEC 1829 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh.1101/89 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001<br>– Cur chuige ginearálta |

**RÉAMHRÁ**

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle ar an 29 Samhain 2016.

2. Cuireadh an togra isteach i gcomhthéacs chlár REFIT de chuid an Choimisiúin agus i gcomhthéacs tiomantas maidir le rialáil níos fearr. D'ainmnigh an Coimisiún trí thogra atá as feidhm anois. Leis na trí rialacháin cumhdaítear socruithe le haghaidh feabhsuithe struchtúracha a dhéanamh in earnáil na n-uiscebhealaí intíre; cumhdaítear cuótaí dáilte a fuair an tAontas ón Eilvéis agus a bhaineann le feithiclí earraí troma; agus cumhdaítear údaruithe le haghaidh rochtain ag na Ballstáit ar an margadh tarlaithe sa Bhulgáir agus sa Rómáin.

3. Ar an 29 Márta 2017, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim lenar thacaigh sé den chuid is mó leis an togra.

**AN OBAIR A RINNEADH SA CHOMHAIRLE**

4. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Meithle um Loingseoireacht ar an 13 Márta 2017 agus mheabhraigh an Uachtaránacht é ag an Meitheal um Iompar de Thalamh ar an 14 Márta 2017. Fairis sin, iarradh ar na Ballstáit, sa chás go raibh aon bharúlacha acu maidir leis an togra, iad a chur in iúl faoin 31 Márta 2017. Ní dhearnadh aon ráiteas faoin spriocdháta sin. Mar sin féin, ag cruinniú de chuid na Meithle um Loingseoireacht an 10 Aibreán 2017, aontaíodh go gcuirfí isteach mionathruithe in aithris 2 agus in aithris 3.

5. Measann an Uachtaránacht go bhféadfaí an togra a ghlacadh, faoi réir a athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**CONCLÚID**

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ ar an gComhairle an cur chuige ginearálta a scrúdú agus a fhormheas mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

2016/0368 (COD)

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh.1101/89 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach araon go bhfuil siad tiomanta dó an reachtaíocht atá sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 a nuashonrú agus a shimpliú[3].

---

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(2) Chun líon an acquis reachtaigh a laghdú agus chun slacht a chur air, ní mór é a scrúdú go rialta agus aon reachtaíocht atá imithe i léig a shainaithint. Is maith mar a fhónann sé an reachtaíocht sin atá imithe i léig a aisghairm d'fhonn an creat dlíthiúil a choinneáil trédhearcach, soiléir agus so-inúsáidte do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, agus sa chás seo, d'earnálacha na n-uiscebhealaí intíre agus na dtarlaithe de bhóthar.

(3) Ghlac an Chomhairle Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89[4] in 1989. Deich mbliana dá éis sin, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 718/1999[5], arna leasú le Rialachán (AE) 546/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], chun a áirithiú go mbeadh fáil ar feadh an ama ag earnáil iompair na n-uiscebhealaí intíre ar na huirlisí iomchuí agus chun acmhainneacht an chabhlaigh a bhainistiú. B'ionann ábhar don Rialachán sin agus do Rialachán Uimh. (CEE) Uimh. 1101/89, ach nár aisghaireadh an déanach.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar[7], tá díolúine, ón 1 Eanáir 2005 i leith, i ndáil le socruithe cuóta nó údarúcháin ag gach feithicil a shásaíonn na caighdeáin theicniúla a leagtar amach sa Treoir ón gComhairle 96/53/EC[8]. Dá bhrí sin, is ceart a mheas go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] maidir le ceadanna a dháileadh ar fheithiclí earraí troma agus iad ag taisteal san Eilvéis, go bhfuil sé imithe i léig.

---

4 Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle an 27 Aibreán 1989 maidir le leasuithe struchtúrtha a chur ar an iompar ar uiscebhealaí intíre (IO L 116, 28.4.1989, lch. 25).

5 Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 ón gComhairle an 29 Márta 1999 maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn (IO L 90, 2.4.1999, lch. 1).

6 Rialachán (AE) Uimh. 546/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) 718/1999 ón gComhairle maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn (IO L 163, 29.5.2014, lch. 15).

7 IO L 114, 30.4.2002, lch. 91.

8 Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

9 Rialachán (AE) Uimh. 2888/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le ceadanna a dháileadh ar fheithiclí earraí troma agus iad ag taisteal san Eilvéis (IO L 336, 30.12.2000, lch. 9).

(5) Tar éis aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine don Aontas an 1 Eanáir 2007, níl gá feasta le Rialachán Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] mar nach gá do na Ballstáit sin údarú a fháil chun earraí a iompar de bhóthar ná chun an t-iompar comhcheangailte a chur chun cinn.

(6) Mar thoradh air sin, ba cheart Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

---

[10] Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le húdaruithe arna bhfáil sna Ballstáit de bhun na gComhaontuithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Bulgáire agus idir an Comhphobal Eorpach agus an Rómáin – lenar bunaíodh coinníollacha áirithe i dtaca le hearraí a iompar de bhóthar agus an t-iompar comhcheangailte a chur chun cinn – a dháileadh (IO L 108, 18.4.2001, lch. 1).